Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15270/23**

**POLCOM 265**
**COMER 135**
**UD 251**
**COHOM 216**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 689 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le húdaruithe in 2022 de bhun an Rialacháin maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh ceastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 689 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 689 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 689 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le húdaruithe in 2022 de bhun an Rialacháin maidir le trádáil in earraí áirithe a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh ceastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach**

GA GA

## 1. Réamhrá

Is é is cuspóir don Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[1] ('an Rialachán) cosc a chur, i dtíortha taobh amuigh den Aontas, ar phionós an bháis, ar thaobh amháin, agus ar íde nó ar phionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar an taobh eile. Déantar idirdhealú leis idir:

- earraí atá mí-úsáideach ó nádúr agus nár cheart a thrádáil ar chor ar bith (Iarscríbhinn II); agus
- earraí a bhféadfadh úsáidí dlisteanacha a bheith leo, amhail trealamh forfheidhmithe dlí (Iarscríbhinn III) agus earraí le haghaidh úsáid theiripeach (Iarscríbhinn IV).

Tá trádáil in earraí a liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV faoi réir srianta áirithe.

Luaitear in Airteagal 26(3) den Rialachán nach mór do na Ballstáit tuarascáil bhliantúil phoiblí ar ghníomhaíocht a chur le chéile. Ní mór faisnéis maidir le líon na n-iarratas arna bhfáil, na hearraí agus na tíortha lena mbaineann, agus na cinntí arna ndéanamh i dtaobh na n-iarratas a bheith istigh sa tuarascáil. Luaitear in Airteagal 26(4) nach mór don Choimisiún tuarascáil a chur le chéile arb éard a bheidh inti na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíocht arna bhfoilsiú ag na Ballstáit. Ní mór dó an tuarascáil a chur ar fáil go poiblí.

Cuirtear faisnéis ar fáil i dtuarascáil seo an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí údaraithe na mBallstát i dtaca le honnmhairí earraí in 2022[2] a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh phionós an bháis.

Tá tuarascáil curtha le chéile ag gach Ballstát ar líon na n-údaruithe onnmhairiúcháin arna ndeonú agus arna ndiúltú faoi Airteagail 11(1) agus 16(1) den Rialachán agus ar na hearraí agus na tíortha is ceann scríbe atá i gceist. I gcásanna áirithe, thuairiscigh údaráis inniúla na mBallstát ar líon nó ar chainníochtaí na n-earraí arna n-údarú lena n-onnmhairiú agus ar chatagóir na n-úsáideoirí deiridh ar soláthraíodh na hearraí dóibh.

**Údaruithe faoi Rialachán (AE) 2019/125**

Éilítear le hAirteagail 11(1) agus 16(1) den Rialachán go dtabharfaí údarú i leith onnmhairí[3] earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IV faoi seach.

Liostaítear in Iarscríbhinn III earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 1.

[2] Ní chuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil seo ar an úsáid a bhaineann onnmhaireoirí as an Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas, de bhun Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán, maidir le honnmhairí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

[3] De réir an tsainmhínithe in Airteagal 2(d) den Rialachán, ciallaíonn 'onnmhairiú' imeacht earraí as críoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear imeacht earraí a n-éilítear dearbhú custaim ina leith agus imeacht earraí i ndiaidh a stórála i saorchrios de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle'.

táireach. Tagann na hearraí in Iarscríbhinn III faoi na ceannteidil seo a leanas: earraí atá ceaptha chun daoine a shrianadh; airm agus gléasanna atá ceaptha le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta; agus airm agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta agus substaintí gaolmhara áirithe.

Liostaítear ceimiceáin áirithe in Iarscríbhinn IV a d'fhéadfaí a úsáid in insealltaí marfacha.

Seachas sa chás go n-úsáidtear an t-údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas (GEA) a leagtar amach in Iarscríbhinn V le haghaidh onnmhairí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ní mór an t-údarú chun earraí a onnmhairiú a fháil ó údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

Is iondúil gur féidir onnmhairiú chuig cinn scríbe a liostaítear sa GEA ón Aontas a dhéanamh gan údarú aonair nó údarú foriomlán arna dheonú ag Ballstát a fháil. An cur chuige a bhí i bhfeidhm go dtí seo ná tír neamh-AE a áireamh in Iarscríbhinn V sa chás go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta ábhartha daingnithe ag an tír sin agus gealltanas tugtha aici go gcuirfidh sí deireadh le pionós an bháis i gcás gach coire. Maidir le tíortha nach comhaltaí de Chomhairle na hEorpa iad, ciallaíonn sin nach mór an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR) a bheith daingnithe gan forchoimeád ag an tír lena mbaineann.

Mar sin féin, má tá amhras réasúnach ann maidir le cumas an onnmhaireora téarmaí an údaraithe nó reachtaíocht i dtaobh onnmhairí a chomhlíonadh, féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar an onnmhaireoir an GEA ón Aontas a úsáid.

Luaitear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/125 go bhféadfadh údarú aonair (údarú i leith onnmhairí chuig úsáideoir deiridh amháin nó chuig coinsíní i dtír neamh-AE) nó údarú foriomlán (údarú i leith onnmhairí chuig úsáideoir deiridh sonraithe amháin nó níos mó nó chuig dáileoirí i dtír shonraithe neamh-AE amháin nó níos mó) a bheith i gceist le húdarú onnmhairiúcháin arna dheonú ag Ballstát[4].

Cuirtear toirmeasc le hAirteagail 3, 4 agus 5 den Rialachán ar onnmhairiú, allmhairiú agus idirthuras faoi seach maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II. Féadfaidh údaráis inniúla maolú ar an toirmeasc a dheonú sa chás go léirítear go mbainfear úsáid eisiach as na hearraí lena mbaineann lena gcur ar taispeáint phoiblí in iarsmalann (i dtír neamh-AE nó, de réir Airteagal 4, i mBallstát) i bhfianaise na tábhachta staire a bhaineann leo, agus sa chás sin amháin.

[4]Tugtar sainmhíniú iomlán ar 'údarú aonair' in Airteagal 2(p). Tugtar sainmhíniú iomlán ar 'údarú foriomlán' in Airteagal 2(q).

## 2. Údaruithe arna ndeonú agus arna ndiúltú

In 2022, ba é 246 an líon iomlán údaruithe a tuairiscíodh, agus thuairiscigh 10 mBallstát gur dheonaigh siad údaruithe. Chuir na Ballstáit eile in iúl don Choimisiún nach bhfuair siad iarratais ar bith ar údarú de bhun an Rialacháin, rud lena dtugtar le fios nach bhfuil ach gníomhaíocht theoranta sa réimse sin. Mar a rinneadh sna cleachtaí tuairiscithe roimhe seo, ní sholáthraítear mais chriticiúil leis na sonraí chun teacht ar chonclúidí cuí-réasúnaithe.

Ó tharla nach bhfuil gné chainníochtúil i gceist leis na sainmhínithe ar 'údarú aonair' agus ar 'údarú foriomlán' in Airteagal 2 den Rialachán, ní thugann tásc ar líon na n-údaruithe líon nó cainníocht na n-earraí a bhaineann leis na húdaruithe seo le tuiscint. Ní hiondúil go ndéantar idirdhealú idir údaruithe aonair agus údaruithe foriomlána in aon fhaisnéis a chuireann Ballstáit ar fáil don Choimisiún ach oiread.

Thuairiscigh Ballstáit gur dhiúltaigh siad naoi iarratas ar údarú onnmhairiúcháin in 2022. Bhain na cásanna diúltaithe tuairiscithe le hearraí a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn III cód 3.1[5] atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an mBealarúis, an Bhrasaíl, an tSín, an India, Iosrael, na hOileáin Fhilipíneacha agus an Afraic Theas agus beartaíodh na hearraí a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn III cód 2.2[6] a onnmhairiú go dtí an Ailgéir. Bhain idirbheart breise a diúltaíodh le hearraí a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn IV cód 1.1[7] a beartaíodh iad a onnmhairiú go dtí an Indinéis.

Cuirtear toirmeasc le hAirteagail 3, 4 agus 5 den Rialachán ar onnmhairiú, allmhairiú agus idirthuras faoi seach maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II. Leis an Rialachán, ceadaítear d'údaráis inniúla náisiúnta maolú ar an toirmeasc a dheonú sa chás go léirítear go mbainfear úsáid eisiach as na hearraí lena mbaineann lena gcur ar taispeáint phoiblí in iarsmalann (i dtír neamh-AE nó, de réir Airteagal 4, i mBallstát) i bhfianaise na tábhachta staire a bhaineann leo, agus sa chás sin amháin. Thuairiscigh na húdaráis inniúla nár dheonaigh siad maoluithe den sórt sin in 2022.

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 1* a ghabhann leis an tuarascáil seo ar líon na n-údaruithe onnmhairiúcháin a dheonaigh na húdaráis inniúla náisiúnta in 2022, de réir catagóir earraí (Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Rialachán). Níl onnmhairí faoi Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas (Iarscríbhinn V) san áireamh san fhaisnéis ar líon na n-údaruithe a deonaíodh.

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 2* ar líon na ndiúltuithe de réir catagóir earraí (Iarscríbhinní III agus IV).

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 3* ar líon na n-iarratas a údaraíodh agus a diúltaíodh le linn na tréimhse 2017-2022.

---

[5]Airm agus trealamh iniompartha le dáileog de shubstaint cheimiceach ghreannach nó éagumasúcháin a thabhairt nó a scaipeadh
[6]Stiúdsmachtíní
[7] Oibreáin barbatúráite ainéistéiseacha a ghníomhaíonn go gearrthréimhseach agus go meántréimhseach

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 4* ar líon na n-údaruithe onnmhairiúcháin tuairiscithe a d'eisigh na Ballstáit a mhéid a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III.

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 5* ar cheann scríbe tuairiscithe na n-onnmhairí údaraithe agus diúltaithe a mhéid a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III.

*In Iarscríbhinn 6* déantar achoimre ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Choimisiúin maidir le húsáid deiridh tuairiscithe onnmhairí údaraithe a mhéid a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III.

Tugtar forléargas in *Iarscríbhinn 7* ar na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III atá údaraithe lena n-onnmhairiú agus a gceann scríbe.

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 8* ar líon na n-údaruithe onnmhairiúcháin tuairiscithe a d'eisigh na Ballstáit a mhéid a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

Cuirtear faisnéis ar fáil in *Iarscríbhinn 9* ar cheann scríbe tuairiscithe na n-onnmhairí údaraithe agus diúltaithe a mhéid a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

*In Iarscríbhinn 10* déantar achoimre ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Choimisiúin maidir le húsáid deiridh tuairiscithe onnmhairí údaraithe a mhéid a bhaineann le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

Tugtar forléargas in *Iarscríbhinn 11* ar na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV atá údaraithe lena n-onnmhairiú agus a gceann scríbe.